



C/2025/2979

28.5.2025

**Foilsíú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh
tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón
gCoimisiún ⁽¹⁾**

(C/2025/2979)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Val di Mazara’

EU PDO-IT-0061-AM01 — 13.3.2025

1. **Ainm an táirge**

‘Val di Mazara’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

- ☒ Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint (ATFC)
☐ Tásc Geografach faoi Chosaint (TGFC)
☐ Tásc Geografach (TG)

3. **Earnáil**

- ☒ Táirgí talmhaíochta
☐ Fíonta
☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Iodáil

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

MASAF [Aireacht Talmhaíochta, Biafhlaithis agus Foraoiseachta]

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Is leasú caighdeánach é an leasú de réir bhrí Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 toisc nach n-áirítear leis athrú ar an ainm, nach bhfuil an baol ann go gcuirfear an nasc ar neamhní agus nach bhfuil srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Baineann an leasú le hAirteagal 6(3) maidir leis an tuairisc ar an táirge.

Scríosadh na paraiméadair maidir le haigéid líonóilíneacha agus líonoiléacha ón tuairisc ar an táirge.

Cúis

Cinneadh an dá pharaiméadar cheimiceacha sin a bhaint toisc go bhfuil an t-athrú aeráide sa limistéar táirgeachta ina chúis le méaduithe substaintiúla ar an teocht le blianta beaga anuas, in éineacht le titim ghéar sa bháisteach go minic, agus d'athraigh sé sin fiseolaíocht na bplandaí agus, dá bhrí sin, bhí tionchar aige sin ar luachanna na n-aigéad sin.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

(¹) Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

DOICIMÉAD AONAIR

‘Val di Mazara’

Uimh. AE: PDO-IT-0061-AM01 — 13.3.2025

ATFC (X) TGFC ()

1. Ainm nó ainmneacha (ATFC nó TGFC)

‘Val di Mazara’

2. Ballstát nó Tríú Tír

An Iodáil

3. Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia

3.1. Cód Ainmníochta Comhcheangailte

— 15 — SAILLTE AGUS OLAÍ AINMHÍOCHA, PLANDÚLA NÓ MIOCRÓBACHA AGUS A dTÁIRGÍ SCOILTE; SAILLTE INITE ULLMHAITHE; CÉARACHA PLANDÚLA NÓ AINMHÍOCHA

3.2. Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)

Nuair a scaoiltear í lena tomhailt, ní mór na tréithe seo a leanas a bheith ag ola olóige úrion faoi ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint ‘Val di Mazara’:

- Dath: buí órga agus ruainníní de dhianghlas;
- Dea-bholadh: torthaíoch agus uaireanta bíonn blasanna almóinne uirthi;
- Blas: torthaíoch, mín agus iarbhlais milis;
- Scór íosta i dtástáil phainéil $\geq 6,5$;
- Aigéadacht uasta iomlán arna sloinneadh mar aigéad oiléach: nach mó ná 0.5 g in aghaidh 100 g d'ola;
- Innéacs sárocsaíde $\leq 11,00$;
- $K_{232} \leq -2,10$;
- $K_{270} \leq 0,15$;
- $\Delta K \leq 0,005$.

3.3. Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)

Ní mór 90 % ar a laghad de na hológa a úsáidtear chun ola a tháirgeadh leis an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint ‘Val di Mazara’ a bheith ó na cineálacha seo a leanas, atá sna garráin ina n-aonar nó i dteannta a chéile: Biancolilla, Nocellara del Belice agus Cerasuola. Féadfar cineálacha eile atá sa limistéar a úsáid freisin, ar choinníoll nach mó iad ná 10 %, amhail Ogliarola Messinese, Giaraffa agus Santagatese, nó céatadán bheaga de shaothróga áitiúla tipiciúla eile, b'fhéidir.

3.4. Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe

Na céimeanna uile a bhaineann leis an bpróiseas táirgeachta, is iad sin saothrú, buain agus úscadh ola, ní mór iad a dhéanamh laistigh den limistéar geografach sainithe.

3.5. Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe

Ní mór ola olóige úrion ATFC ‘Val di Mazara’ a phacáistiú lena scaoileadh lena tomhailt i gcoimeádáin ghloine nó stáin ag a bhfuil toilleadh nach mó ná 5 lítear.

Ní mór ola 'Val di Mazara' a phacáistiú laistigh den limistéar geografach sainithe chun inrianaitheacht agus tionscnamh an táirge a áirithiú. Toisc gur táirge an-leochaileach é agus go bhfuil gá ann a saintréithe a choinneáil, ní mór an láimhseáil a íoslághdú, agus na seiceálacha a dhéanann an comhlacht rialúcháin, lena n-áirítear ag an gcéim pacáistithe, ní mór iad a dhéanamh ar bhealach chun an riosca maidir le holaí ó thionscnaimh éagsúla a mheascadh a sheachaint, rud a dhéanfaidh dochar don iontaoibh as an ainmniúchán.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Toirmiscear aon tuairisc a chur isteach nach bhforáiltear go sainráite maidir léi sa tsonraíocht táirge seo don ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Val di Mazara', lena n-áirítear na cáilitheoirí a leanas: *fine* (mín), *scelto* (rogha), *selezionato* (roghnaithe), *superiore* (sár) nó *genuino* (fíor).

Tá toirmeasc ar úsáid a bhaint as tagairtí geografacha breise nó tásca geografacha nó topagrafacha a thagraíonn do bhardais, d'fhoranna bardas nó do limistéir gheografacha laistigh den limistéar geografach sainithe.

Údaraítear ainmneacha, ainmneacha cuideachta agus brandaí príobháideacha a úsáid, áfach, ar choinníoll nach bhfuil aon chiall mholtach leo agus nach gcuirtear an ceannaitheoir amú leo maidir le hainmneacha geografacha, go háirithe a mhéid a bhaineann le hainmneacha geografacha a thagraíonn do limistéir táirgeachta ola a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint acu.

Ní cheadaítear ainmneacha gabháltas, eastát agus feirmeacha a úsáid agus tagairt a dhéanamh do phacáistiú ag gabháltas olóige, ag comhlachas gabháltas olóige nó ag gnó olóige atá lonnaithe sa limistéar táirgeachta, ach amháin má dhéantar an táirge go heisiach as ológa a bhaintear as garráin ológ a bhaineann leis an ngabháltas atá i gceist, agus má dhéantar an ola a eastóscadh agus a phacáistiú ar an ngabháltas.

Ní mór ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint 'Val di Mazara' a bheith ar an lipéad i gcarachtair shoiléire agus dhoscrista, i ndath a sheasann amach i gcoinne dhath an lipéid, agus ar bhealach a fhágann gur féidir idirdhealú soiléir a dhéanamh idir é agus an fhaisnéis eile a thugtar ar an lipéad.

Ní mór bliain bairr na n-ológ óna ndearnadh an ola a shonrú ar an lipéad.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Cuimsíonn an limistéar geografach na bardais uile i gcúige Palermo agus na bardais seo a leanas i gcúige Agrigento: Alessandria della Rocca, Bivona, Burgio, Calamonaci, Caltabellotta, Cattolica Eraclea, Ciansiana, Lucca Sicula, Menfi, Montallegro, Montevago, Ribera, Sambuca di Sicilia, Santa Margherita del Belice, Sciacca agus Villafranca Sicula.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Leis na chéad tuarascálacha, téann leathadh an chrainn ológ mar phlanda intíre siar go dtí tráth choilíniú na Gréige nuair, de réir teistiméireachtaí Diodorus Siculus a luaigh garráin ológ Agrigento, a bhain ológa an-tábhacht eacnamaíoch amach agus nuair a thosaigh siad ag giniúint trádáil onnmhairiúcháin chuibhiúil, go háirithe ó Agrigento.

De réir an staraí Henry Bresc ón bhFrainc, thart ar an 12ú haois, cuireadh garráin ológ i gcnóic Cefalù, Conca d'Oro, ísealchríocha Carini agus Partinico. A mhéid a bhaineann le limistéar Palermo sa 14ú haois, is fiú tagairt a dhéanamh do gharrán ológ Chiaramonte in Passo di Rigano a bhí in ann 30 000 kg ológa a tháirgeadh, do gharrán ológ Giovanni de Frisello i gceantar Sabucia, agus *Olivetum Magnum* [Crann ológ mór] ag mainistir Santa Caterina.

Idir an 15ú agus an 16ú haois, bhí roinnt muilté ola in Palermo, ach in Monreale, ina ndealraíonn sé go raibh fás ológ forleathan go leor, rinne na háiritheoirí gearán in 1516 go raibh orthu na hológa a mhuilleáil ag an aon mhuileann ola amháin, a bhain leis an ardeaspag, 'tá sé míchlúiteach, le haghaidh robála agus crá croí'.

Go beacht in Monreale, in 1538-1539, lig na manaigh Bheinidicteacha a ngarrán ológ ar cíos i gceantar Costiera, nach raibh curtha ach cúpla scór bliain roimhe sin, ar chíos 3 canthari ola, arb ionann é agus 2 935 kg. Is é 'Val di Mazara' an seanainm a thugtar do na ranna is mó ar roinneadh an tSicil iontu go luath sna Meánaoiseanna agus go luath sa tréimhse nua-aimseartha. Áirítear i limistéar críochaithe ATFC 'Val di Mazara' an chuid is mó den chríoch, atá i gcomhthráth leis an gcuid sin de roinn riaracháin na Sicile ar a dtugtar 'Val di Mazara', mar a luadh cheana.

Chuir táirgeadh ola olóige go mór le forbairt eacnamaíoch agus le gníomhaíochtaí tráchtála chríoch Val di Mazara a chuir i leataobh í i gcaitheamh na gcéadta blianta. Tá rath ar shaothrú ológ sa limistéar seo den chuid is mó mar gheall ar a ithir agus a aeráid, atá an-oiriúnach d'fhás ológ. Ina theannta sin, mar gheall ar na cineálacha a fhástar, atá oiriúnaithe go foirfe don timpeallacht fáis, is féidir táirge a tháirgeadh a bhfuil saintréithe cáilíochta sonracha aige. Múnlaítear saintréithe cáilíochta sonracha an táirge leis na nithe seo a leanas:

- (a) saothróga nach bhfaightear ach sa limistéar lena mbaineann;
- (b) teicnící saothraithe sonracha, go háirithe maidir le modhanna treoraithe (cruth vása oscailte nó cruth toim), leasú (orgánach den chuid is mó), buaint, bíodh sé de láimh nó trí úsáid a bhaint as trealamh meicniúil buainte ológ agus líonta plaisteacha, etc.;
- (c) dea-bholaithe saintréitheacha na hola a fhaightear, a thugtar di toisc plandálacha bliosán, úlloird citris agus garráin almóinní a bheith sa limistéar críochaithe;
- (d) saintréithe miocraeraíde agus moirfeolaíochta ithreach: is éard atá i ngarráin ológ oiriúnacha na garráin sin atá suite suas le 700 m os cionn leibhéal na mara, ina bhfuil ithreacha atá meánuigeach, domhain, tréscailteach agus tirim ach nach bhfuil tur, agus a bhfuil aeráid fhothrópaiceach leath-thirim Mheánmhuirí acu, le meánbháisteach níos mó ná 500 mm in aghaidh na bliana, a bhfuil 90 % di comhchruinnithe san fhómhar agus sa gheimhreadh.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

<https://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeAttachment.php/L/IT/D/1%252Fe%252F8%252FD.9d6c6c93877ba76281b4/P/BLOB%3AID%3D3342/E/pdf?mode=download>